

An Tasc Measúnaithe do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1

An Clár Ábhar

Réamhrá	4
Sceideal an Tasc Measúnaithe don Ghaeilge	5
Leabhráin a chur isteach	5
An Tasc Measúnaithe don Ghaeilge	6
An próiseas chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích	6
An chéad céim (Tréimhse ranga 1): Plé agus machnamh	6
An dara céim (Tréimhse ranga 2): Leabhrán an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích	7
Leideanna don Tasc Measúnaithe	8
Seicliosta don mhúinteoir	9
Aguisín	10

Réamhrá

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Ghaeilge. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfead chun an grád foriomlán a oibriú amach. Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, an Tasc Cumarsáideach.

Is é an cuspóir atá leis an Tasc Measúnaithe ná go dtabharfadh an scoláire faoi mhachnamh fócasaithe ar a chur i láthair aonair le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2.

Mar chuid den Tasc Measúnaithe, déanfar gnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheas, lena n-áirítear:

- a chumas plé a dhéanamh ar an taithí a bhí aige ar roghnú, ullmhú agus ar chur i láthair ar thopaic/cheist/ábhar spéise don Tasc Cumarsáideach
- a thuiscint ar an taithí sin agus a mheas uirthi
- a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus cuirfead cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a bheidh mar chuid den tasc. Tá dhá chéim i gceist leis: ar an gcéad dul síos, pléitear agus déantar machnamh ar an Tasc Cumarsáideach agus ar eispéireas an scoláire; agus ansin, déantar leabhrán an Tasc Measúnaithe a scríobh agus a chríochnú.

Sceideal an Tasc Measúnaithe don Ghaeilge

Cuirfear an Tasc Measúnaithe don Ghaeilge i gcrích in imeacht dhá rang laistigh de thréimhse seachtaine, de réir mar a shocraíonn an scoil é. Titfidh an tseachtain seo idir Dé Luain, 6 Eanáir agus Dé Luain, 23 Márta 2020.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích thar 80 nóiméad laistigh de rang dúbailte nó dhá rang aonair. Roinntear an tréimhse ama 80 nóiméad ina dhá céim: Úsáidtear an chéad céim (40 nóiméad) ar mhaithe le cuspóirí ullmhúcháin; úsáidtear an dara céim (40 nóiméad) chun freagraí ar an tasc a scríobh.

Caithfidh an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2: An Tasc Cumarsáideach a chur i gcrích sula gcuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích.

Déantar an tasc ina dhá chéim agus maireann gach céim 40 nóiméad.

Tabhair faoi deara: Is cuma má dhéanann an scoláire an Tasc Measúnaithe le linn dhá rang aonair nó le linn rang dúbailte, caithfear an tasc a chríochnú laistigh de 80 nóiméad ar a mhéad.

Leabhráin a chur isteach

Scríobhtar freagra an scoláire i leabhrán pro forma agus cuireann an scoil na leabhráin chríochnaithe don Tasc Measúnaithe ar aghaidh, de réir socruithe atá leagtha amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Cuireann Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bhronntar ar an Tasc Measúnaithe leis an marc a bhronntar ar an scrúdú scríofa chun an grád foriomlán don scrúdú deiridh atá deimhnithe ag an stát a dhéanamh amach don Ghaeilge.

Má tá scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe ar fad nó cuid de, ba chóir don scoil socruithe áitiúla a dhéanamh sa scoil chun ligean don scoláire an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don achar ama atá sceidealaithe.

An Tasc Measúnaithe don Ghaeilge

Tá an Tasc Measúnaithe bunaithe ar phríomhchuspóir an Taisc Chumarsáidigh, a thugann deis don scoláire a chuid éachtaí a cheiliúradh mar chruthaitheoir tascanna cumarsáide béil. Eascraíonn an t-eolas agus na scileanna a d'fhorbair an scoláire le linn an Taisc Chumarsáidigh as a fheasacht ar a chumas labhartha agus ar a chumas idirghníomhaithe.

An próiseas chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích

Tá an Tasc Measúnaithe bunaithe ar an dara Measúnú Rangbhunaithe do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Leagann an Tasc Cumarsáideach béim ar chumas labhartha agus idirghníomhaithe an scoláire agus tugann sé deis dó a theanga labhartha a fhorbairt agus a fheabhsú mar aon le príomhscileanna eile a fhorbairt.


An chéad chéim (Tréimhse ranga 1):

Plé agus machnamh (40 nóiméad)

Ábhar spreagthach a phlé: (thart ar 15 nóiméad)

Léann/féachann/éisteann na scoláirí le píosa amháin d'ábhar spreagthaigh¹ ó na roghanna atá ar fáil ar curriculumonline.ie, agus pléann siad é. Is taifeadtaí de chomhráite dílse iad na hábhair spreagtha seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh míchruinneas nó féinhceartú iontu anois is arís, nó go mbeadh ráiteas curtha ar bhealach canúnach iontu ó am go ham.

Díríonn an plé ar phróiseas an Taisc Chumarsáidigh, agus ar an gcomparáid/gcodarsnacht idir an t-ábhar spreagtha agus taithí phearsanta an scoláire ar dhul i mbun a Thaisc Chumarsáidigh. Is féidir plé a dhéanamh i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga agus/nó mar rang iomlán. Is é an cuspóir atá leis an ábhar spreagthach ná plé agus machnamh a spreagadh i measc scoláirí maidir lena gcuid eispéireas féin. Spreagann sé sin smaointeoireacht an scoláire. Iarrtar ar an scoláire sa tasc léargas a thabhairt ar

¹ Chun teidealú dúnta a chur ar siúl ar na físeáin seo, cliceáil ar an tsiombail CC ar an mbarra seinnte . Tá tras-scríbhinní ar fáil freisin san aguisín thíos.

a eispéireas féin, áfach, agus ní chaithfidh sé tagairt a dhéanamh don ábhar spreagthach ina fhreagra dá bharr sin.

Machnamh agus ullmhúchán: (thart ar 25 nóiméad)

Léann na scoláirí na ceisteanna sa leabhrán (Roinn A), tugtar leideanna scríbhneoireachta dóibh do Roinn B (thíos) agus smaoiníonn sé ar a fhreagra pearsanta féin. Táthar ag súil go mbeidh am ciúin machnamh, den chuid is mó, i gceist leis seo. D'fhéadfadh an múinteoir na ceisteanna a léamh amach agus/nó brí na bhfocal nó na bhfrásaí a shoiléiriú, mar is cuí, le cinntiú go dtuigeann gach scoláire an tasc. Beidh tacaíochtaí a bhíonn ar fáil don scoláire le linn na scoilbhliana ar fáil dó agus é ag tabhairt faoin Tasc Measúnaithe.

Is féidir leis an scoláire tagairt a dhéanamh don nóta machnamhach a chuir sé isteach mar chuid den Tasc Cumarsáideach. Ach ní shamhlaítear go mbeidh fáil ag an scoláire ar a chur i láthair agus an Tasc Measúnaithe á chomhlánú aige.

Is féidir leis an scoláire machnamh a dhéanamh ar fhreagraí féideartha thar oíche ach déantar an leabhrán a chomhlíonadh i rang a ndéantar maoirseacht air agus a mhaireann 40 nóiméad. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh an scoláire nóta a ghlacadh de na ceisteanna/leideanna ach níor chóir dó an leabhrán a thabhairt abhaile ná freagraí réamhullmhaithe scríofa a thabhairt go dtí an chéad rang eile ina gcomhlánóidh sé an leabhrán.

An dara céim (Tréimhse ranga 2): 40 nóiméad

(an chéad rang Gaeilge eile ar an amchlár atá agat leis an ngrúpa seo)

Leabhrán an Taisc Measúnaithe a chur i gcrích (thart ar 35 nóiméad)

Is féidir leabhrán an Taisc Measúnaithe a chur i gcrích i rith an chéad ranga Gaeilge eile atá agat leis an ngrúpa ranga. Ba chóir go mairfeadh an próiseas seo thart ar 35 nóiméad. Mar a luadh thuas, is féidir leis an scoláire tagairt a dhéanamh don nóta machnamhach a bhaineann lena chur i láthair.

Cuireann gach scoláire an leabhrán i gcrích as féin go neamhspleách, agus an múinteoir i mbun maoirseachta gan idirghabháil/cúnamh a thabhairt, seachas nuair a theastaíonn tacaíocht chun bacainní don fhoghlaim a bhaint, de réir na dtacaíochtaí a bhíonn ar fáil don scoláire i rith na scoilbhliana.

Cur isteach an leabhráin (thart ar 5 nóiméad)

Cuireann gach scoláire lipéad soiléir ar a leabhrán freagartha agus leanann an múinteoir nósanna imeachta na scoile chun na leabhráin a stóráil agus a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Roinn A

Machnamh ar an Tasc Cumarsáideach

Ceist 1

- (a) Scríobh síos **teideal** agus **formáid** an Taisc Chumarsáidigh a rinne tú.

- (b) Cén fáth ar roghnaigh tú an Tasc Cumarsáideach áirithe sin?

Ceist 2

- (a) Míniú bealach **amháin** inar chabhraigh an Tasc Cumarsáideach seo le d'fhoghlaim teanga.

- (b) Míniú cad a dhéanfa ar bhealach difriúil an chéad uair eile duit tasc cumarsáideach a chruthú?

Roinn B

Ag machnamh ar an bhfoghlaim teanga a rinne mé

Ceist 3

Smaoinigh ar an bpróiseas a bhain le cruthú an Taisc Chumarsáidigh agus scríobh alt gearr mar fhreagra ar **dhá** leid ón liosta leideanna atá leagtha síos.

- (a) An fhorbairt a tháinig ar mo thuiscint ar an bpobal teanga agus/nó cultúr, le linn dom mo thasc cumarsáideach a dhéanamh.

- (b) An chaoi ar tháinig forbairt ar m'fheasacht ar rithim nádúrtha na teanga, agus mé i mbun mo Thaisc Chumarsáidigh.

- (c) Straitéisí a chabhraíonn liom agus mé i mbun cumarsáide trí Ghaeilge.

- (d) An chaoi ar chabhraigh píosa aiseolas áirithe le m'fhoghlaim teanga.

Seicliosta don mhúinteoir

Roimh an tasc:

- Roghnaigh **píosa amháin d'ábhar spreagthaigh** ó na roghanna thuas, ceann a bhraitheann tú a bheadh oiriúnach d'eispéireas do scoláirí agus iad i mbun a dTasc Cumarsáideach a chruthú.
- Tabhair na leideanna sonraithe do Chuid B (féach thuas, leathanach 8) faoi deara mar nach mbeidh siad sa leabhrán.
- D'fhéadfadh na scoláirí tagairt a dhéanamh dá nótaí machnamhacha agus iad ag cur an Tasc Measúnaithe i gcrích. Cuir i gcuimhne do na scoláirí iad seo a bhreith leo.

Le linn an tasc: céim 1 - 40 nóiméad

- Taispeáin an t-ábhar spreagthach do na scoláirí. Tabhair am dóibh plé a dhéanamh².
- Tabhair na leabhráin don Tasc Measúnaithe do na scoláirí. Más cuí, d'fhéadfadh an múinteoir na ceistanna a léamh amach agus/nó brí na bhfocal nó na bhfrásaí a shoiléiriú do na scoláirí.
- Cuir am ar leataobh le haghaidh machnamh ciúin ar chur i láthair na scoláirí.

Le linn an tasc: céim 2 - 40 nóiméad

- Déan maoirseacht ar na scoláirí agus a gcuid freagraí á scríobh acu sa leabhrán.
- Bailigh na leabhráin a bhfuil lipéid shoiléire orthu agus lean nósanna imeachta bunaithe na scoile maidir le hábhar a stóráil/a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tabhair faoi deara: Is cuma má dhéanann do scoláirí an Tasc Measúnaithe le linn dhá rang aonair nó le linn rang dúbailte, luaitear sna céimeanna thuas go gcaithfear an tasc a chríochnú laistigh de 80 nóiméad ar a mhéad.

² Tabhair faoi deara: mar a luadh ar leathanach 6 thuas, is é an cuspóir atá leis an ábhar spreagthach ná plé agus machnamh a spreagadh i measc na scoláirí maidir lena gcuid eispéireas féin. Ní chaithfidh siad tagairt a dhéanamh don ábhar spreagthach ina gcuid freagraí.

Aguisín

Is taifeadtaí de chomhráite dílse iad na hábhair spreagtha seo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh míchruinneas nó féinhceartú iontu anois is arís, nó go mbeadh ráiteas curtha ar bhealach canúnach iontu ó am go ham.

Ábhar spreagthach 1. Agallamh le Dara Ó Cinnéide

Dara Ó Cinnéide is ainm domsa. Is craoltóir agus léiritheoir raidió mé le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Cad a spreagann tú tabhairt faoi do phost?

Tá fiosracht is dóigh go nádúrtha ionam. Is maith liom go bunúsach, is maith liom scéalta, is maith liom scéalaíocht. Is maith liom tús, lár agus deireadh agus is maith liom teachtaireacht a chur trasna. Agus is breá liom gur trí mheán na Gaeilge a dhéanaim a leithéid. Tá Béarla agam agus táim líofa sa Bhéarla chomh maith gan dabht. Ach thaitin sé liom i gcónaí go bhféadfainn mo chuid oibre a dhéanamh trí mheán mo theanga féin. Mar cloisim macallaí, macalla na muintire, macalla m'athair chríonna is mo mháthair chríonna agus mo sheanthuismitheoirí ar fad nuair a labhraím i mo theanga féin.

An scil is mó ata ag teastáil ansan i ndáiríre ná éisteacht, éisteacht leis na deachainteoírí. Bhí an t-ádh liom nuair a thosnaíos amach ag obair le Raidió na Gaeltachta go raibh cuid de na cainteoirí is fearr Gaoluinne sa tír ag obair leo. Agus bhí mórán le foghlaim agam agus táim ag foghlaim gach aon lá. Ach ag éisteacht leis na máistrí, agus ag éisteacht le guthanna difriúla, canúintí difriúla agus cainteoirí difriúla i gcartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta chomh maith. Bhí mórán le foghlaim mar gheall ar mo theanga féin agam. Agus ansan is dócha, ina dhiaidh sin tá tú ag iarraidh na focail a bheireann tú leat, is na corraí cainte, is na nathanna a bheireann tú leat, a chur i bhfoirm a bheadh arís sothuigte agus go mbeadh mealltacht áirithe ag baint leo. Sin é an príomhrud a bhí i gceist.

Tá tú ag foghlaim i gcónaí. Go háirithe i gcás na Gaoluinne. Tá an tobar chomh domhain. Agus dá réir sin, cuid mhaith de na caintí, agus cuid mhaith den stuif atá le foghlaim agamsa mar shampla, nó ag an-chuid craoltóirí ná tá tú ag foghlaim ón stair, ós na glúnta a chuaigh romhat, ós na daoine a raibh an Ghaoluinn i dtoil acu, go raibh an teanga ar a dtoil acu, go raibh na focail is na corraí cainte sin. Agus arís freastalaím ar cheardlainne agus cuirim spéis in imeachtaí a bhaineann leis an teanga fhéin. “Conas a déarfá é seo?” “Cén slite difriúla conas...” Is saghas saoirseacht focail atá i gceist. Tá sé ar nós claí a thógaint agus saor cloiche a bheith ann. Roghnaíonn tú an cloch nó roghnaíonn tú an focal nó roghnaíonn tú an corr cainte atá uait chun dul i bhfeidhm ar an éisteoir nó ar an té atá trasna an bhoird uait.

Cad iad na gnéithe a bhíonn tú feasach orthu mar láithreoir?

Go háirithe le obair le Raidió na Gaeltachta, ní mhór duit an-aithne a bheith agat ar do phobal féin. Agus ciallaíonn sé sin is dócha, an-chuid léitheoireacht a dhéanamh timpeall ar, cad iad na suimeanna agus cad é an spéis a léiríonn, mar shampla, muintir na Rinne, muintir Oileán Chléire nó mhuintir Mhúscraí i gcúrsaí amhránaíochta, i gcúrsaí, déarfaimis, i gcúrsaí feirmeoireachta, i gcúrsaí iascaireachta. Na rudaí traidisiúnta agus conas atá an saol ag athrú dóibh lá i ndiaidh lae. Agus cad iad na scéalta a thaitneodh leo féin a chlos mar gheall orthu féin.

Go minic bíonn trasfoghrú i gceist. Is maith leo a bheith ag éisteacht le canúintí eile. Is maith leo... Agus buíochas le Dia agus táimid an-bhuíoch do...deirtear i gcónaí gur Raidió na Gaeltachta a thug tuiscint dos na pobail difriúla ar a chéile. Faighim saghas, n’fheadar an dtabharfainn aiseolas air, ach faighim an-chuid fiosracht mar gheall ar an slí a déarfainn...conas a déarfá é sin i nDún na nGall, agus conas a déarfaimidne é. Agus ní mar sin a déarfaimidne é sin i gcónaí. Agus arís bíonn na comhráití sin ann. Agus ansan cad é an rud caighdeánach nuair a theastaíonn uait rud caighdeánach a chur amach. Agus cad é an rud a bheadh sothuigte do gach éinne sa tír. Tá mise an-mhór ar shon na gcanúintí agus ar shon a n-aitheantais féin a bheith ag na pobail. Ach mar sin féin, mar shampla, má tá tú ag iarraidh teachtaireacht a chur amach go dtí réimse leathan daoine, caitheann tú caighdeánú éigin a dhéanamh ar do chuid cainte chun, aríst, chun teachtaireacht a chur go soiléir.

Conas a fhaigheann tú aiseolas?

Bhuel tagann aiseolas agus i gcónaí moltar do chraoltóirí is do léiritheoirí raidió aiseolas a lorg. Agus na slite atá againn ar sin ná, tá téacs, tá ríomhphost agus mar sin. Tugaimid amach na rudaí sin i rith na gcláracha. Agus má tá aon tuairim agat, cuireann tú ceist díreach ar an éisteoir. Nó má tá tuairim agat nó má tá ceist agat faoin ábhar seo, is féidir dul i dteagmháil linn trí X, Y nó Z, agus déanann siad amhlaidh.

Deireann daoine áirithe leat, “Tá guth breá agat don mhicreafóin. Tá guth breá agat don nuacht a léamh” nó mar sin. Deireann daoine áirithe mar gheall ar do chumas cainte. Agus, go minic, go háirithe sna céad cúpla bliain ina thosnaíos féin ag obair le Raidió na Gaeltachta, bhíodh aiseolas á ghabháil agam ó mo chomhghleacaithe féin a deireadh liom, “An rud sin anois a dúras ar maidin. B’shin é an rud a deir d’athair nó d’athair chríonna nó do mháthair nó do mháthair chríonna ag abhaile”. Cuimhnigh ort. Agus cuimhneofar ort féin agus déarfá, “Nó, ní hea, níl se dúchasach b’fhéidir”. Agus tá slite ann chun tú féin a fheabsú agus arís caithfidh cluas an-ghéar agus súil géar a bheith agat.

Moltaí atá aige

Éisteacht an rud is tábhachtaí is dóigh liom. Agus bí ag éisteacht i gcónaí leis na daoine is dóigh leat go bhfuil smacht agus greim acu ar an dteanga. Bí fiosrach i gcónaí. Cuir ceist mura dtuigeann tú rud éigin i gcónaí. Agus má tá rud le rá, abair é agus ná bíodh leisce ort stad i lár abairte ar mhaithe le éifeacht. Lig ort nó samhlaigh go bhfuil tú ag labhairt le do mháthair nó le d’athair ag abhaile. Go bhfuil tú ag insint scéil agus cuir ceist ort féin, cad é an scéal a theastaíonn uaim a rá anseo agus cad é an éifeacht a theastaíonn uaim a bheadh ar an té a chloiseann mé. Agus i ndeireadh an lae, sin iad na bunscileanna atá againn ar fad. Cé go bhfuil siad píosa beag níos forbartha ag daoine áirithe seachas a chéile, toisc go bhfuil gá leis. Ach bí fiosrach. Bí ag éisteacht agus labhair amach.

Ábhar spreagthach 2. Agallamh le duine óg.

Bhuel, tá mise ar fhoireann díospóireachta na scoile, ar fhoireann sinsearaí na scoile. Chuir mé tús leis an bhliain seo caite.

Ullmhúchán

Bhuel don díospóireacht faigheann muid an rún thart ar sheachtain roimh na díospóireachta. Agus ansin déanann muid plé air sa rang le chuile scoláire agus cuireann siad sin a gcuid pointí chun cinn.

Domsa, feictear dom, go b'é an t-aon rud a oibríonn ná mo chuid cártaí a léamh agus a léamh agus a léamh aríst. Os comhair an scátháin, oibríonn sé domsa mar táim in ann mé féin a fheiceáil ag breathnú amach sa scátháin, ag úsáid mo chuid lámha.

Na scileanna a úsáidtear

Is dóigh go b'shin na scileanna cumarsáide is mó a mbíonn mise ag faire amach dóibh ná a bheith soiléir, ard, labhairt amach os ard, a bheith ag breathnú amach ar an lucht féachana. Agus bíim coinsiasach dóibh ansin nuair atá mé ag cleachtadh. Caitheann tú a bheith coinsiasach dóibh. Agus b'fhéidir go bhfaighim mo mháthair le breathnú orm, nó duine ar bith, cibé duine a ghabhann chun éisteacht liom, agus tabharfaidh siad siúd moltaí dom. Bhuel an bhfeiceann tú é seo, d'fhéadfá é seo a fheabhsú.

Dá mbeadh ort léamh ag Aifreann agus stuif, caithfidh tú a bheith soiléir, caithfidh tú a bheith ard. Tá bealach áirithe in a labhairt in áiteanna áirithe agus braitheann sé sin...bhfuil fhios a'at, céard go díreach is atá tú chun a rá is cá bhfuil tú dá rá.

Ní dochar é botún a dhéanamh. Agus molann an múinteoir díospóireachta i gcónaí dúinne. Bíonn sí ag rá, "ní botún é. Tarlaíonn sé do chuile dhuine. Sin nádúr an tsaoil, botún a dhéanamh". Níl chuile rud foirfe.

Is dóigh go b'é an dúshlán is mó ná ag iarraidh do chuid pointí chun cinn agus seasamh le do chuid pointí. Agus dúinne, mura gcreideann muidne sa rún atá idir lámha againn, bíonn sé i bhfad níos deacra. Agus is dúshlán aisteach é sin. Mar caithfidh tú a chur ina luí ort féin go bhfuil an rún ceart agus go bhfuil an ceart agatsa. Cé, i ndáiríre go gcreideann tú go bhfuil an rún seafóideach agus nach bhfuil ciall ná réasún leis, caithfidh tú fós seasamh leis agus a chur ina luí ar chuile dhuine atá ag éisteacht leat gur tusa atá ceart.

Agus caithfidh tú a bheith ag éisteacht go cruinn leis na foirne eile go bhfeiceann tú céard atá siadsan á rá. Agus má cheapann tusa go bhfuil siad mícheart faoin bpointe atá á rá acu, caithfidh tú ar an bpointe teacht suas le rud éicint. "Bhuel, dúirt tusa é seo, ach dar liomsa...". Caithfidh tú pointe a dhéanamh suas ar an bpointe. Ach má tá cleachtadh déanta agat air, tagann sé leat i bhfad níos éasca.

Amach anseo

Bhuel, is dóigh, níl mise ach san Ardteist fós. Agus nuair a chuas mé ar aghaidh go dtí an choláiste, tá súil a'am nuair a bhéas cur i láthair le déanamh agam b'fhéidir sa rang, tá fhios a'am...tá an-suim agam féin sna Dána Ghaeilge agus Cumarsáide. Agus shamhlóinn go mbeidh roinnt cur i láthair le déanamh a'am ansin. Agus teastóidh na scileanna seo dom agus tá na scileanna ón díospóireachta agam, agus cabhróidh siad liom. Agus ansin ar ndóigh nuair a chuas mé amach agus nuair a bheidh mé i bpost...a

bheith in ann labhairt le daoine, labhairt amach go poiblí, a bheith in ann pointe a chur trasna agus seasamh le do chuid pointí, cabhróidh sé leat i gcónaí, seasfaidh sé leat.

Bhuel, buíochas le Dia, feicim go mór i mo rangsa, is Gaeilge a labhrann muid i gcónaí chuile lá, le chéile, s'abhaile, ar scoil. Tuigimid tábhacht na Gaeilge agus tuigimid go bhfuil daoine ann gur Béarla a labhrann siad i gcónaí. Agus 'sí Gaeilge ár dteanga dúchais. Tá muid ag iarraidh nach gcaillfidh muid an Ghaeilge. Is buíochas le Dia táimid dá labhairt, agus beidh.

Ábhar spreagthach 3. Agallamh le Emma Ní Chearúil.

Is mise Emma. Tá mé i mo chlár reachtaire anseo ag Raidió na Life.

Ullmhúchán

Go hidéalach bheadh tú ag iarraidh beagán taighde a dhéanamh ar cibé aoi a bheadh ar an gclár agus cúpla ceist a bheith ullmhaithe roimh ré, sórt an dearcadh nó an ‘angle’ atá uait a ullmhú agus a bheith cinnte faoi sin sula dtéann tú isteach san agallamh. Scéalta nuachta, go mbeadh cúpla pointe ar gach ceann scríofa amach. Go mbeidh tú compordach leis an ábhar mar scaití tagann rud nua chun cinn, an Bhreathimeacht go háirithe. Tá rud éicint nua chuile lá agus b’fhéidir nach bhfuil sé éasca éisteacht le duine éigin eile dá phlé. Nach bhfuil tú iomlán cinnte céard atá i gceist leis. Sin an rud is scanrúla, dul isteach is a bheith beagáinín éiginnte faoi thopaic ar bith. Le bheith compordach agus le bheith cinnte faoin rud atá idir lámha agat is dócha.

Bím ag foghlaim chuile lá. Déarfainn go gcaithim cúig nóiméad roimh gach clár ag dul trí na ceannlínte agus ansin á chur isteach i bhfoclóir nó téarma.ie. Ach sílim go dtarlaíonn sé sin sa mBéarla freisin.

Ag baint úsáide as aiseolas

Le déanaí táim i bhfad níos féin-choinsiasach is dócha faoin luas cainte atá agam. Mar, sílim go mbím i bhfad ró-scioptha. Agus is gá feabhas a chur ort féin i gcónaí. Maidir le foghraíocht, má bhím ag réamhthairde agus má bhíonn an deis agam a bheith ag cuimhneamh air, bím an-chúramach faoi. Ach má bhím beo ar an aer, sílim scaití go rithim le sruth.

Freisin, sílim go mbímid an-dian orainn féin. So ag éisteacht siar ar rudaí scaití, bím féin ag rá “Ó ní raibh sé sin go maith ach nach dtabharfadh an éisteoir é sin faoi deara”. Is muidne na critics is mó a bhíonn againn féin is dócha. Ach is rud é sin a táim ag cuimhneamh air go leanúnach agus ag feabhsú go leanúnach, tá súil agam.

Tá sé greannmhar mar scaití déanann tú dearmad ar an iomlán go bhfuil éinne ag éisteacht. Agus uaireanta is faoiseamh é sin agus tugann sé beagáinín saoirseacht duit. Agus uaireanta eile cuirtear lagmhiseach ort mar bíonn tú ag déanamh an oiread sin oibre agus ag rá, “an bhfuil éinne ag éisteacht liom?” Ach faighimid téacsanna agus faighimid teachtaireachtaí. Is breá liom nuair a bhíonn daoine ag cur ceiste liom, “cén t-amhrán a bhí ansin, nó níor chuala mé é seo cheana”. Ag cur ceiste ar na haíonna freisin. Is breá liom é sin mar ciallaíonn sé go bhfuil spéis acu sna rudaí ina bhfuil spéis agam.

Ag déileáil le hearráidí

Scaití déanaim é a cheartú. Má bhíonn sé go dona nó má bhím cineál náireach aige, scaití gabhaim leithscéal fiú. Is dócha go mbraitheann sé.

Sílim freisin, más foghlaimeoir teanga thú, go mbíonn tú i bhfad níos déine ort féin ná mar a bheadh cainteoir dúchais ar aon nós.

Moltaí

Scaití bím neirbhíseach fós. Agus braitheann sé ar an méid atá ag tarlú sa saol. Má bhíonn tú faoi bhrú le rudaí eile, scaití bíonn sé deacair dul ar an aer agus b’fhéidir mothúchán eile a chur faoi cheilt. Nó b’fhéidir go bhfuil tú scaipthe ar an lá sin agus go mbíonn sé níos deacra ansin.

Don chuid is mó sílim a bheith ullmhaithe, a bheith compordach leis an ábhar. Ná tabhair faoi rud nach bhfuil tú ar lán eolas faoi mar bheadh an brú ort in aon chaoi. Cleachtadh an rud is tábhachtaí is dócha. Faoi láthair bím ar an raidió gach uile maidin agus mar sin, fiú má bhíonn droch-lá nó droch-chlár agat, téann tú isteach an lá dár gcionn, níl aon rogha agat. Cosúil le bheith ag rothaíocht nó cibé rud eile. Bíonn an dara ceann go breá agus mar sin tagann an muinín sin ar ais. Agus muinín b'fhéidir an príomhrud atá tábhachtach is tú ag cur aon rud i láthair. Fiú mura bhfuil eolas agat, mura bhfuil tú féin ar do chompord. Má bhíonn tú muiníneach i do chur i láthair creideann daoine eile go bhfuil fhios agat céard atá ar siúl agat. Sin an rud is tábhachtaí is dócha.

Feicim go minic é le daoine ar thaithí oibre a thagann isteach anseo. An chéad uair a chuireann siad rud éicint le chéile sa stiúideo deireann siad, “Ó nó níl sé sin go maith, níl mé ag iarraidh éisteacht leis”. Ní bhíonn siad compordach le éisteacht siar lena nglór féin nó a gcur i láthair féin. Sílim go mbraitheann gach duine mar sin agus nach n-athraíonn sé sin i ndáiríre. Dul i ngleic leis agus do scileanna féin a aithint agus do spéiseanna féin a aithint. Má bhíonn tú ag caint faoi rud a bhfuil spéis agat, go bhfuil do chroí go mór isteach ann, beidh tú níos nádúrtha, b'fhéidir níos compordaí. Beidh tú in ann b'fhéidir tuairimí a léiriú nár thuig tú a bhí ionat féin go dtí go dtagann sé amach ar an aer. Tá sé sin iontach. Is breá liom é sin a fheiceáil.

